

☼ An Lúibín ☼

19 Bealtaine 2011

Foghlaim agus úsáid

San Astráil, nuair a thugann daoine faoi Ghaeilge a fhoghlaim i ndáiríre, bíonn bealaí acu chun leas a bhaint aisti. B'fhéidir go rachaidís chomh fada le hÉirinn féin ar lorg dhúchas na teanga. In Éirinn foghlaimíonn tú Gaeilge de do mhíle buíochas, agus b'fhéidir (míorúilt!) go bhfanann cuid di i do chloigeann. Eagla ort ina dhiaidh sin feidhm a bhaint aisti, go háirithe agus drogall ar Ghaeilgeoirí féin an teanga a labhairt má tá Béarlóir i raon na gcluas.

Tá bun fírinne lena raibh le rá le déanaí ag Pól Ó Muirí, colúnaí ar *The Irish Times* agus eagarthóir *Comhar*. Chuir sé de dhua air féin Gearmáinis a fhoghlaim toisc go raibh suim aige 'i dteangacha agus i litríocht, go dtugann teangacha léargas eile ar an saol duit, go saibhríonn siad thú, go gcoinníonn siad d'aigne aclaí agus mar sin de'. Tá a fhios agat féin, a deir sé, an bholscaireacht ar fad ar fad:

Ach conas buntáiste a bhaint as an teanga sin anois? Í a léamh ar líne amháin? Freastal a dhéanamh ar ócáidí Gearmáinise, cónaí a dhéanamh sa Ghearmáin? (Dá bhféadfaí!) Nach mar sin a mhothaíonn mórán daoine óga faoin Ghaeilge agus a gcuid cúrsaí ag teacht chun deiridh? Tá sí agam ach arbh fhiú an tairbhe an trioblóid?¹

Deacracht í seo a bhaineann le gach tír Bhéarla. Teanga eile agat agus gan deis agat í a úsáid mura mbaineann sin le do chuid oibre. Tig leat, gan amhras, ciorcal comhrá a lorg, nuachtáin a léamh ar an Idirlíon nó a bheith ag caint leat féin. Is maith sin ach ní leor é.

Scéal é nach bhfuil leigheas air faoi láthair. Maidir le Gaeilge, tá Gaeltachtaí nua ag fás in Éirinn, más go mall é. Is iad an líofacht agus an comhchaidreamh na buntáistí is mó atá ag an dream a fáisceadh as na scoileanna lán-Ghaeilge, agus tá claonadh ag teacht acu chun maireachtáil ar scáth a chéile. Scéal eile dream na Gaeilge éigeantaí, daoine ar fágadh fuíoll na teanga acu agus frustrachas ar chuid acu dá bharr. Beag an t-ionadh nach áil leo feidhm a bhaint as an gcúpla focal féin.

◎◎◎◎◎◎◎

Cóiríocht na scoileanna agus an Ghaeilge

Tá tuarascáil curtha faoi bhráid Roinn Oideachais na hÉireann ag coimisiún atá ag scrúdú cóiríocht na scoileanna. Rinne an coimisiún athbhreithniú ar na rialacha faoi bhunscoileanna nua a bhunú, rud a rinneadh de bharr mhéadú an daonra agus dúil a bheith ag tuismitheoirí sa éagsúlacht.

Deirtear go mbeidh méadú 64,000 tagtha ar líon na ndaltaí faoin mbliain 2018, rud a fhágann go mbeidh gá le scoileanna nua i limistéir a bhfuil borradh tagtha fúthu, ar nós iarthar Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair is féidir bunscoil a bhunú má tá seacht ndalta dhéag ar fáil, ach molann an coimisiún go mbeadh breis daltaí ag teastáil agus suas le trí shruth ranga i ngach bliain. Moltar freisin go ndéanfaí suirbhé ar thuismitheoirí i limistéir nua chun a shocrú cén saghas scoile atá uathu, agus go dtiocfadh scoileanna le chéile ar champas amháin.

Tá agóid déanta ag Ghaelscoileanna Teo (a thacaíonn le 139 ngaelscoil sa Phoblacht) agus ag an bhForas Pátrúnachta (a bhaineann le 57 gaelscoil). Deir siad nach bhfeilfeadh na moltaí don ghaelscolaíocht mar nach mbeadh a leithéid ag teastáil ach ó mhionlach ar dtús, agus gur beag tairbhe a bheadh le fáil as

¹ 'Danke, Deutschland - tá mé buíoch as an oiliúint,' Pól Ó Muirí, *The Irish Times*, 11/5/2011.

suirbhé dá bharr. Tá sruthanna Gaeilge i roinnt scoileanna Béarla le tamall anuas, ach deirtear nach ró-mhaith atá ag éirí le cuid acu toisc nach dtacaíonn an Roinn leo.

Níl amhras ná go bhfuil fadhbanna le fuascailt. Níl amhras ach oiread ná gurb í an ghaelscolaíocht an chloch is lú ar phaidrín na Roinne. Ní hé go bhfuil moltaí an choimisiúin go dona iontu féin, ach níl agóid lucht na gaelscolaíochta gan bhunús, agus seasfaidh siad an fód mar is gnáth. Cath eile rompu, mar sin.



An scríbhneoir Gaeilge (nó seanscéal athphléite)

Ba í an tréimhse ba threise ag litríocht na Gaeilge lenár linn na blianta 1920 – 1970. Ní hé gur caitheadh an gnó i dtraipisí ina dhiaidh sin, mar tá daoine ag scríobláil leo i gcónaí. Tá borradh tagtha faoin bhfoilsitheoireacht agus méadú tagtha ar an méid leabhar don aos óg. Ní mór é líon na léitheoirí ach tá níos mó acu ann ná mar a bhí le fada an lá. Tá cúpla scríbhneoir an-suimiúil ann (Alan Titley, mar shampla), ach is léir gurb í seo ré na measarthachta agus na mioneachtraí.

Ní hé nach bhfuil iarrachtaí á dtabhairt ar ealaín na scríbhneoireachta a choinneáil ar deil. An cheardlann scríbhneoireachta agus léirmheastóireachta, mar shampla, a bhí á réachtáil i mBaile Átha Cliath ag LeabhairCOMHAR níos luaithe sa mhí seo, nó an seimineár eagarthóireachta a bheidh ar siúl ag IMRAM Dé Sathairn 28 Bealtaine. Is cosúil go bhfuil ócáidí den saghas sin áisiúil ar a slí féin, agus níl uainn anois ach seift chun breis léitheoirí a sholáthar. Tá gá i gcónaí le leabhair sholáite éadroma - leabhair den saghas a thagann (i measc rudaí eile) ó lámh Éilís Ní Dhuibhne (*Dúnmharú sa Daingean*) agus Anna Heussaff (*Buille Marfach*). Ach tá gá freisin le rud nach dtagann an bealach chomh minic sin – litríocht den chéad scoth. Ní féidir í a fháil ar ordú, ach ise atá in easnamh orainn.

Is baolach i gcónaí go dtabharfaí rómholadh do shaothair Ghaeilge, rud is léir agus na léirmheasanna léite agat – ba dhóigh leat uaireanta go bhfuil ré órga eile tagtha anuas sa mhullach orainn. Déanann na foilsitheoirí scagadh agus déanann an t-am scagadh eile, ach bíonn cathú ar na léirmheastóirí olann a bhaint den ghabhar cheal caorach. Cinnte, tugtar a cheart don saothar fiúntach, ach thairis sin ní mór an áibhéil a sheachaint. Níl gach file ar fheabhas, níl gach gearrscéaláí go hiontach.

Déarfá, b'fhéidir, gur mór an rud é coinne a bheith agat le sárlitríocht ó phobal chomh beag sin. Bheadh an ceart agat. Tháinig rudaí iontacha chugainn ó pheann an Chadhnaigh, an Ríordánaigh, Mháire Mhac an tSaoi agus eile san aois seo caite, ach bhí neart agus tathag éigin sa Ghaeltacht fós an uair sin agus a rian sin fiú ar scríbhneoirí nach raibh an teanga acu ó dhúchas. Tá ré eile tagtha, ré an uirbeachais, agus an teanga á cur féin in oiriúint di. Ní gá a thuilleadh a rá anseo faoi 'thanú' na teanga ina háitreabh nua. Pé tanú atá ann anois, tiocfaidh bláthú de réir a chéile. Idir an dá linn, is díol mór spéise é fás agus athrú na Gaeilge sa saol fobhailteach, agus an toradh a d'fhéadfadh teacht ar an scéal i gcúrsaí litríochta.

Tá baint ag na hirísí liteartha (*Feasta*², *Comhar*³ agus *An Gael*⁴) le cás na teanga. Tá *Feasta* agus *Comhar* ann ó na daichidí i leith, cuid de na scríbhneoirí is fearr foilsithe acu, agus gan an oiread sin léitheoirí acu anois, más fíor. Oighre ar iris a tháinig amach ar dtús sna 1880í is ea *An Gael*, agus é á fhoilsiú anois in aghaidh na ráithe. An iomarca irisí, b'fhéidir, más fíor nach bhfuil ann ach timpeall 200,000 cainteoirí líofa Gaeilge. Mar sin féin, an té is mian leis dán nó gearrscéal nó alt a chur os comhair an domhain i nGaeilge, ní dóichí rud ná go mbainfidh sé úsáid as ceann de na hirísí sin, mura rogha leis an Idirlíon mar mhodh foilsithe. Agus ligeann an modh sin duit líon na léitheoirí a mheas go cruinn, más maith olc é.

Is dócha, i ndáiríre, gur i mBéarla a dhéanann Gaeilgeoirí an chuid is mó dá léitheoireacht. An oiread sin scríbhneoirí Gaeilge ann agus gan dlúthphobal teanga ar fáil acu – ait an scéal. Agus, ar ndóigh,

² www.feasta.ie

³ www.iriscomhar.com

⁴ www.angaelmagazine.com

pobal na Gaeilge ina mionlach ina dtír féin. Déanaimis comparáid le cuid de na comharsana. Níl ina gcónaí san Eastóin ach timpeall 1,340,000 duine agus cuid mhaith acu ina Rúisigh; níl san Íoslainn ach timpeall 318,400 duine. Ach tá litríocht bhríomhar chomhaimseartha le fáil sa dá theanga agus daoine ann a bhfuil dúil acu inti. Is é an difríocht atá ann go bhfuil na teangacha sin i réim i gcónaí mar ghlór nádúrtha na ndaoine, rud nach fíor i gcás na Gaeilge. Is suarach an cúiteamh an chabaireacht Ghaelach faoi 'fhéiniúlacht'. Cead cainte ag fear caillte an chluiche.

Ní shéanfaí nach bhfuil cultúr liteartha le fáil i nGaeilge an lae inniu – ceardlanna, filíocht á léamh, leabhair á láinseáil, leabhair á bplé. Ach i saol an Bhéarla níl meas ar an gcultúr sin ach mar chluiche tánaisteach – is beag aird a thugann léirmheastóirí Béarla ar shaothair Ghaeilge. Na púcaí ag caint lena chéile.

Tá cúpla duine ag scríobh i nGaeilge anois i dtíortha eile, agus leabhair féin foilsithe acu. Iad ag cur le litríocht na Gaeilge seachas le litríocht na hÉireann. Dá luaithe a thagann a thuilleadh acu ar an bhfód is ea is fearr, ach más mian leo leabhar nó alt a fhoilsiú is gnách lena bhformhór dul ag triall ar Éirinn. Is é *An Gael* an t-aon fhoilseachán Gaeilge a thagann amach thar lear. Scríbhneoirí gan phobal iad, cé go bhfuil scata Gaeilgeoirí le fáil sna críocha úd agus a líon ag fás.

Uirlis nua atá á déanamh den teanga, agus í an-difriúil le Gaeilge na seanfhundúirí. (Beidh a nglórtha siúd taifeadta agus scoláirí óga ag éisteacht leo le meas, mire agus míthuiscint.) An Ghaeilge a bheidh againn beidh sí Béarlaithe agus simplithe, ach déanfaidh sí cúis. Idir an dá linn leanfaidh lucht scríbhneoireachta orthu ag tabhairt faoin rud is deacra – focail a mhairfidh.



Scéala Lá an Bhrátha

Tá *Scéala láí brátha* le fáil ar Leabhar na hUidhre,⁵ lámhscríbhinn a scríobhadh sa chéad chuid den 12ú haois agus a thugann léargas ar leith ar aigne agus ar dhearcadh na nGael i leith an tsaol eile. Ní gá a rá go mbaineann an dearcadh sin le traidisiún seanfhréamhaithe Eorpach, ach thairis sin tá blas fiordhúchasach ar leagan na nGael den scéal. Tá dúil Ghaelach sa rangú le haithint ar an gcuntas, agus dúil freisin san uaim, sna habairtí gonta géara agus i gcarnadh na n-aidiachtaí, rud a chuireann le héifeacht an scéil. Seo stíl, friotal agus aigne na seanscéalaíochta á gcur in oiriúint d'ábhar diaga, i dtreo go ndéantar rud dúchasach de gan diúltú dá bhrí. Ní dhéantar tagairt don Phurgadóir; níl ann ach Neamh agus Ifreann, agus cur síos mioninste beacht orthu de réir an nós mheánaoisigh.

Tosaíonn sé mar a leanas: “Tugadh gach duine díbh ar leith a mheanma agus a intinn go dúthrachtach ar scéal Lá an Bhrátha .i. conas a fhearfaidh an Coimdhe fáilte ar na naoimh agus ar na fíréin chun áitreabh na flaithe neamhaí, agus conas a fhearfaidh sé neamhfháilte ar na peacaigh agus ar na han-fhíréin, á n-ionnabhadh isteach in Ifreann’.⁶ Is é an chéad rud a dhéanfaidh an Coimdhe (an Tiarna) Lá an Bhrátha na daoine a scagadh agus a roinnt:

* Is deimhin mar sin go ndéanfar ceithre bhuíon den chine daonna Lá an Bhrátha. Buíon díbh déanfar iad a mheas agus rachaidh siad tar éis a measa chun péine agus pionóis. Is dóibh a thabharfaidh an Coimdhe an t-aitheasc uafar agus é á n-ionnabhadh uaidh: ‘Ímígí uaim, a dhaoine mallaithe, isteach sa tine shuthain a ullmhaíodh don Diabhal agus dá dhrochmhuintir’. Is iad nach gcomhallann ó ghníomh an mhaith a gheallann siad ó bhéala. Is é ainm na foirne sin sna scriptúir: *mali non valde*, sin é, daoine olca nach ró-olc iad. (*Is demin dana co n-dingniter cethri budni don chiniud dóenda i l-ló bratha. Buden ém dib do-gentar do mes & ragait aithle a m-messa dochom péné & tódernama. Is friu-side at-*

⁵ Tá an buntéacs le fáil ar CELT, tionscadal de chuid Ollscoil na hÉireann, Corcaigh: <http://www.ucc.ie/celt/published/G207000/index.html> .

⁶ Tabrad cach óen díb fó leith a menmain & a innithim co díchra fri scélaib láí brátha . i. amal ferfas in Comdiu fáelti frisna náemaib & frisna fíreanaib do aittreb na flatha nemda, amal ferfas immurro an fáelti frisna pechachaib & frisna h-anfíreanaib oca n-innarba i n-iffernd.

béra in Comdiu in n-aithesc n-aduathmar-so oca n-innarba uad: 'Scuchaid dím, a mallachtnachu, isin tenid suthain rofáired do díabul & dia drochmuintir.' Is iat-sede na comallat o gním in maith gellaít o bélaib. Is e ainm na fairni-sin isin scriptúir: mali non ualde .i. uilc nach adbulolc.)

* Buíon eile díobh déanfar iad a mheas ach rachadh siad gan bhreith ar bith chun Ifrinn, agus pianfar iad ina dhiaidh sin trí bheathaí na mbeathaí gan trócaire Dé ag fortacht orthu; óir ní chuireann siad smacht ná reacht ná riail ar dhéanamh a bpeacaí agus na nduáilcí abhus, ach gach olc is mó a fhéadann siad a dhéanamh ag sárú Dé agus daoine, is é sin a dhéanann siad. Is é ainm na buíne sin *male valdí*, sin é, an chuid is measa den chine daonna. (*Buden aile díb na dingentar do mes acht ragait fó chetóir cen mesrugud etir forro dochom n-iffirind, & pianfáitir iar sin tria bithu na m-betha cen trocaire Dé dia fortacht; ár ní thabrat-som smacht no recht no riagail ar denam a peccaid & a n-dualach hi fus, acht cach olc as mó rofétat do sárugud Dé & dáine, iss ed do-gniat. Is é ainm na budni-sin: mali ualde .i. a n-as mesu don chiniud dóenda.*)

Ina ndiaidh sin tiocfaidh 'boni non valde' - daoine maithe nach rómhaith iad.

* Buíon eile díobh déanfar iad a mheas agus rachaidh siad i ndiaidh a measa chun duaise. Is iad seo a dhéanann abhus aithrí dhúthachtach trí bhuaire chroí, agus leasaíonn siad a seanoilc trí shuáilcí agus chaoingníomhartha, agus ansin tugann siad almsaí bia agus éadaigh do na bochtáin in onóir an Choimdhé, go gceiltar na peacaí uile a rinne siad riamh agus nach gcuimhníonn an Coimdhé dóibh thall na hoilc a rinne siad abhus. (*Buden aile díb do-gentar do mes & ragait a aithle a m-messa dochum focraice. Is iat-sede do-gniat i fus aithrige n-díchra tria chongain cride, & lesaigít a n-ulcu remtechtacha tria sualachib & cáingnímaib, & dana do-berat almsana bíd & etaig dona bochtaib i n-onoir in Chomded, co n-díchlet-sede na pecda dorónsat riam. Connach cumnig in Comdiu dóib thall na h-ulcu dorónsat i fus.*)

Fagann sin an dream a rinne an mhaith riamh agus nach bhfuil aon aithrí le déanamh acu:

* Buíon eile díobh ní dhéanfar a mheas ach rachaidh siad gan bhreith ar bith chun Neimhe agus duaiseanna órga. (*Buden ale immurro díb na dingentar do mes, acht ragait fó chetóir cen mesrugud etir dochum nimi & focraici fororda.*)

Flaith lonrach a bheidh roimh a leithéidí, mar a fheicimid, ach in Ifreann agus in iontais chráite Ifrinn is mó atá suim ag an údar:

* Ní sona mar sin bealach na bpeacach sin. Ní bhfaighidh siad deoch ná bia, ach síorghorta agus róthart agus rófhucht. Is iad a bhéarfár ina dhiaidh sin go teach an Diabhail le foghar dearbhchainte agus le tromosnaí agus le síoriachtaí. Is mór an trua gáir agus nuall golfartach agus éamh, brón agus bualadh bos, na bpeacach ansin, agus iad á dtarraingt chun péine ifreanda; ach is í sin an mhallaithrí gan ghreim uirthi, óir ní chloisfear a nguí ansin. Óir níor ullmhaigh siad iad féin ar dtús nuair a bhi siad abhus i gcomháitreacha a gcorp agus a n-anma. Iafar ansin trí ghlas na bpeacach, sin é, iamh Ifrinn go deo orthu, agus iamh a súl ar an domhan ar thug siad grá dó, agus iamh na flaithe neamhaí orthu. Suífidh siad ina dhiaidh sin ar shuíomh neamhthrócaireach, ar chaora tine móire ar bhéala Rí na Claoine i ngleann na bpianta, áit a mbeidh pionóis throma orthu, sin é, bás gan bheatha, tine dhorcha, beatha bhrónach thuirseach shalach neamhghlan, áit a mbeidh mórán cúnna géara cíocracha craosmhara cluasleathana ingneacha crobhghéara lena dtaobh... (*Nibá soinmech tra a sét na pectach-sin. Ni faigbet dig na biad, acht sírgorta & roítu & rouacht. Is ed bertair iar sin do taig diabuil co fogur dercháinte, co tromosnadaib sírrehtaidib. Bid trúag gáir & núall golfadach & éigmech, bron & basgaire, na túath peccach andsin, ica tarroing dochum pene iffirnd; acht bid hí-sin in mall aithrige cen greim furri, ar ní chluinfider a ngudi-sium andsin. Uair na rofoichlitar ar thus, céin robátár hi fus hi comaitreib a corp & a n-anmand. Iadfáitir andsin tri glais na pectach. .i. iadad iffirn tria bith sír forru, & iadad a sul frisín domun dío-tartsat grád, & iadad na flatha nemda friu. Suidfit iarsin sudi nemthrócar for richnessaib rothened ar bélaib rí na cláini i n-glind na pían, airm i m-biat dóib todernama tromma .i. bás cen betaid, tene dorcha, bethu brónach toirsech salach inglan, airm i m-biat ilchoin géra cicara cróesmóra cluaslethna ingnecha croggéra ina t-tóebaib...)*

Is iad príomhthréithe na bhFlaitheas an solas agus an loinnir. (Tugtar 'Rícheadh,' 'Flaithe' nó 'Neamh' ar na Flaithe chéanna.)

* Áit a bhfuil an tsoilse a sháraíonn gach soilse, gach taibhse, gan stad, gan dorchadas. Beatha shuthain gan bhás, nuall fáilte gan tuirse. Sláinte gan ghalar, óige gan seanaois, síocháin gan deabhadh, sáimhe gan angar, sairse gan saothar, gan sníomh, gan díth bia ná éadaigh ná codlata, naofacht gan aois gan lobhadh. Aontacht sholasta aingeal. Aoibhneas parrthais. Fleá gan stad idir naoi ngrád aingeal agus naomhthuatha Ríchidh agus naomhoireachtais an Rí ró-uasail, agus idir naomhthlachtaí spioradálta Neimhe, agus gile gréine, i bhflaithe ard uasal thofa chaomh chóir chumaí mhór mhín mhilis shaor shámh shorcha, i mbrú Ríchidh, i sosta aoibhne, i gcathaoireacha órga, i leapacha gloine, i sosta airgeata, ina suífidh gach aon duine ar a mhiadh agus ar a dhlí agus ar a dhea-ghníomhartha féin. (*Airm i fil in t-soilsi doróisce cach soilsi, cach tairthim, cen terbrúd, cen dorchataid. Bethu suthain cen bas, nuall faelti cen torsi. Slanti cen galar, óetiú cen sentataid, síd cen debaid, saime cen dóinmige, saire cen saethar, cen sním, cen ocorus bíd no etaig no cotulta, náimi cen ais, cen ercra. Oentu solusta aingel. Airera parduis. Fledugud cen turbrúd eter noi n-graduib aingel & noemthuath ríchid & nóemaireachtaib in Ríg rouasail, & eter náemtlachtaib spirtáldaib nimi, & etrochta gréne, hi flaithe aird úasail adamraigthe, cháim chóir chumthaigthe, móir min milidi, sair sáim sorchaide, i m-brugib richid, i sostaib áibnib, hi catháirib órdaib, i l-lepthaib glainidib, hi sostaib argdidib, i sudigfider cach óenduine ara m-míad & ar dliged & ara sognim fodein.*)

Limistéar gan teorainn is ea Neamh, murab ionann is Ifreann, áit (ar nós Ifreann Dante) atá ollmhór gan a bheith dochuimsithe ar fad. Ní cuí don Diabhal a bheith ina mháistir ar cheantar gan chuimse, ós é Dia a chum é. Le gluaiseacht a chuirtear an spás nó an neamhtheorantacht in iúl.

* Is uafar, go deimhin, agus is gránna an charcair sin a rinne an Coimche don Diabhal lena dheamhain, sin é, Ifreann. Is íseal agus is domhain a suíomh. Óir dá ligfí cloch mhúilinn i mbéala Ifrinn, ní mó ná i gceann míle bliain a shroichfeadh sí an íochtar. Aistear anama duine tar éis teacht as a chorp ar feadh ré tríocha bliain ó uachtar go híochtar, mar is dóigh le daoine éigin. (*Is adúathmar immurro & is granna in carcar-sin dorigni in Comdiu do diabul cona demnaib .i. iffern. Is ísel tra & is domain a sudigud. Ar cia no-léicthe cloch mulin i m-belaib iffern, ni mó indá hi cind míli bliadna rose sed a ichtur. Ude anma dana iar techt a curp fri ré trichat bliadna o úachtur coa ichtur, mar as chetfaid di arailib.*)

* Níl insint béil ar fhairsinge agus ar leithead na flaithe neamhaí. Mar an t-éan is luaithe luain ar domhan ní chuirfeadh sé aistear Ríchid de ó thosach an domhain go dtí a dheireadh. (*Is di-asnedi immurro farsinge & lethet na flatha nemda. Ar in t-én as luathiu lúamain for bith, ní thairsed dó tóichell richid o tossuch domain coa dered.*)

Tá fuinneamh agus éifeacht nádúrtha ag baint le cuntas ar bith ar Lá an Bhrátha, ach d'aithris na Gaeil an eachtra mar a d'oir dóibh féin. Níl le fáil i Neamh ach an solas, an moladh agus an fhoirfeacht, ré éigríochta na síochána i dTír na nÓg. Le hIfreann a bhaineann an corraí: crá, céasadh agus corrabhuais a mhaireann go deo, agus iad á n-athnuachain gan sos ar mhíle dóigh:

Áit a mbeidh éin uafara (?) ingneacha ághmhara iarnaí, agus bréanlocha anfacha fuara ifreanda. Tinte dorcha ag síorloscadh. Leaca dearga faoi chosa. Cláimhte ag ciorrú. Cait ag scríobadh agus ag deargadh. Deamhain ag pianadh. Créachta gan leigheas. Lasair gan mhúchadh. Gobán ar theangacha. Tachtadh ar bhráide. Buairt ar chinn. Iachtadh agus gabhail ar ghuthanna. Glasa ar bhoinn. Áit a mbeidh, le taobh gach oilc, an phéist oireac uafar ilcheannach le ruihbhí caor rua. A leithéid seo de thuarascáil, sin é, céad muineál uirthi agus céad ceann ar gach muineál, agus cúig chéad fiacal i ngach aon cheann, céad lámh uirthi, agus céad bos ar gach lámh, agus céad ionga ar gach bos. (*Airm i m-biat éoin etecha ingnecha ágmara iarnaide, ocus brenlocha ainbthencha úara iffernaide. Tenti dorcha oc sírloscud. Lecca derca fo chossaib. Claidib ic cirriud. Cait ic scripad & ic dercad. Demna ic pianad. Créchta cen leges. Lassar cen díbdud. Gabail for tengthaib. Tachtud ar brágtib. Búadred ar cennaib. Iachtad & gabail ar gothaib. Glassad ar bonnaib. Airm i m-bia fri táib cach uilc in pheist irdairc úathmar ilchennach co rubnib riches rúad. Ni dia tuarascáil .i. cet muinel furri & cet cend forcach muineol, & coic .c. fiacal cach óen chind, cet lam furri, & cet m-bas for cach laim, & cet n-ingen for cach bais.*)

Ach b'fhearr leis an údar go mbeimis go léir 'in aontacht uasalaitheacha agus fáidhe, abstail agus deisceabail Íosa Críost, naoimh agus naomhóga an Domhain, aingil agus ardaingil an Choimde, san aontacht is uaisle gach aontachta, in aontacht na Naomh-Thrionóide Uaisle, Athar agus Mic agus Spioraid Naoimh'.⁷ Bíodh amhlaidh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

⁷ i n-óntaid úasalathrach & fádi apstal & discipul Ísu Crist, nóem & nóemog in domain, aingel & archaingel in Comded, isinn óntaid as uasliu cach n-óntaid, i nn-óntaid na nóem trinoti úasli, Athar & Maic & Spirta Náim.

Leaganacha simplithe

Cóiríocht na scoileanna agus an Ghaeilge

Tá tuarascáil ann anois ar chóiríocht⁸ na scoileanna in Éirinn. Rinneadh athbhreithniú⁹ ar na rialacha faoi bhunscoileanna nua a bhunú.

Tiocfaidh méadú 64,000 ar líon na ndaltaí faoin mbliain 2018. Beidh gá, mar sin, le scoileanna nua. Faoi láthair is féidir bunscóil a bhunú má tá seacht ndalta dhéag ar fáil, ach moltar go mbeadh breis daltaí ag teastáil. Moltar freisin go ndéanfaí suirbhé ar thuismitheoirí i limistéirí nua chun a shocrú cén saghas scoile atá uathu.

Deir Gaeilgeoirí nach bhfuil na moltaí oiriúnach don ghaelscolaíocht¹⁰. Is minic a thosaíonn gaelscoileanna le beagán daltaí, rud a ligeann dóibh fás ina dhiaidh sin. Tá agóid déanta ag lucht gaelscolaíochta, agus anois tá cath eile rompu.

An scríbhneoir Gaeilge (nó seanscéal athphléite)

Ba í an tréimhse ba threise¹¹ ag litriocht nua-aoiseach na Gaeilge na blianta 1920 – 1970. Tá scríbhneoirí an-suimiúla ann fós, ach is léir gurb í seo ré na míoneachtraí¹².

Déantar iarracht ar an scríbhneoireacht a chothú le ceardlanna, agus tá leabhair sholáite éadroma ann ó lámh údar aitheanta¹³ ar nós Éilís Ní Dhuibhne agus Anna Heussaff. Ach tá gá freisin le litriocht den chéad scoth¹⁴.

Uaireanta déantar leabhair Ghaeilge a mholadh go rómhór. Ba dhóigh leat uaireanta go bhfuil ré órga¹⁵ eile ann. Tugtar a gceart do leabhair mhaithe¹⁶, ach ní mór an áibhéil a sheachaint.

Scríobh Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Riordáin, Máire Mhac an tSaoi agus scríbhneoirí eile saothair an-mhaithe. Ach bhí neart sa Ghaeltacht fós an uair sin, agus bhí a rian sin ar scríbhneoirí nach raibh an teanga acu ó dhúchas. Tá ré eile tagtha, ré an uirbeachais, agus tá an teanga ag athrú i saol fobhailteach. Is diol mór spéise é fás na Gaeilge sa saol nua sin.

Tá baint ag na hirísí liteartha le cás na teanga¹⁷. B'fhéidir go bhfuil an iomarca irisí ann, mar níl an oiread sin cainteoirí líofa Gaeilge ann. Ach foilsíonn mórán scríbhneoirí dán nó gearrscéal nó alt ar na hirísí sin, mura fearr leo an tdirlión mar mhodh foilsithe¹⁸.

Is dócha, i ndáiríre, go léann Gaeilgeoirí níos mó i mBéarla ná i nGaeilge. Níl dlúthphobal¹⁹ Gaeilge ann agus tá Gaeilgeoirí ina mionlach ina dtír féin. Níl daonra mór ag an Eastóin ná ag an Íoslainn, ach tá litriocht bhríomhar chomhaimseartha acu. Tá teangacha na dtíortha sin á n-úsáid mar ghlór nádúrtha na ndaoine, rud nach fíor i gcás na Gaeilge.

Tá cultúr beoga liteartha le fáil i nGaeilge, agus níl meas air i saol an Bhéarla. Is beag aird a thugann léirmheastóirí Béarla aird ar shaothair Ghaeilge.

⁸ Cóiríocht - accomodation

⁹ Athbhreithniú - review

¹⁰ Gaelscolaíocht – Irish-medium education

¹¹ An tréimhse ba threise – the strongest period

¹² Míoneachtraí – minor achievements

¹³ Ó lámh údar aitheanta – written by well-known authors

¹⁴ Den chéad scoth – of the highest quality

¹⁵ Ré órga – golden age

¹⁶ Tugtar a gceart do leabhair fhiúntacha – justice is done to good books

¹⁷ Cás na teanga – the situation of the language

¹⁸ Mar mhodh foilsithe – as a mode of publication

¹⁹ Dlúthphobal – dense community

Tá cúpla duine ag scríobh i nGaeilge anois i dtíortha eile, ach scríbhneoirí gan phobal iad, cé go bhfuil scata Gaeilgeoirí le fáil sna críocha úd.

Scéala Lá an Bhrátha

Tá Scéala Lá an Bhrátha le fáil ar Leabhar na hUidhre, lámhscríbhinn a scríobhadh sa chéad chuid den 12ú haois. Tugann sé léargas ar aigne agus ar dhearcadh na nGael i leith an tsaoil eile²⁰. Tá rian na seanscéalaíochta air.

Is é an chéad rud a dhéanfaidh an Tiarna na daoine a scagadh. Cuirfear cuid acu chun pionóis in Ifreann ach ní hiad na daoine is measa ar fad iad. Cuirfear daoine eile síos chun Ifrinn gan breith a thabhairt orthu ar chor ar bith toisc go bhfuil siad chomh holc sin.

Ar an dóigh chéanna, rachaidh daoine éigin chun Neimhe cé nach iad na daoine is fearr iad. Ach rachaidh daoine eile ann gan breith a thabhairt orthu ar chor ar bith toisc nach bhfuil aon aithrí²¹ le déanamh acu.

Deirtear go mbeidh ocras agus tart ar na peacaigh go deo in Ifreann. Beidh siad ag gol agus ag scréachadh, ach is saothar in aisce acu é²². Beidh pionós trom orthu, agus beidh cúnna²³ cíocracha ann chun iad a ionsaí. Beidh lochanna bréana ann agus péist uafásach rompu.

Tá Neamh lán de sholas, agus fleá gan stad ar siúl ann i measc na n-aingeal, áit a bhfuil cathaoireacha órga agus leapacha gloine. Limistéar gan teorainn is ea Neamh, murab ionann is Ifreann²⁴, áit ollmhór nach bhfuil chomh leathan leis na Flaithis²⁵.

²⁰ I leith an tsaoil eile – concerning the other world

²¹ Aithrí - repentance

²² Is saothar in aisce acu é – it is all in vain

²³ Cúnna – hounds (cú)

²⁴ Murab ionann is Ifreann – unlike hell

²⁵ Na Flaithis – heaven ('the heavens')